# Scéim Caipitil Ceoil 2025
# Dámhachtain 1 (Grúpaí taibhithe neamhghairmiúla) Treoirlínte

Faoi bhainistiú Líonra Ceoil, agus is í an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt a dhéanann maoiniú ar an scéim.

**Is é an spriocdháta chun iarratais a bheith faighte ná 2pm, Déardaoin 27 Samhain 2025.**

## Maidir leis na Treoirlínte seo
Dearadh na treoirlínte seo chun tacú leat iarratas dhéanamh ar an Scéim Caipitil Ceoil 2025 Dámhachtain 1.

Tá 6 chuid ag baint leis na treoirlínte seo:

Cuid 1: Gearrchuntas ar an dámhachtain (leathanach 1-2)
Cuid 2: Gearrchuntas ar an maoiniú (leathanach 2)
Cuid 3: Cé ar féidir leo iarratas a dhéanamh – agus nach féidir leo (leathanach 2–3)
Cuid 4: Cad is féidir leat cur isteach air – agus cad nach féidir leat cur isteach air (leathanach 3–4)
Cuid 5: Conas iarratas a dhéanamh (leathanach 4–8)
Cuid 6: Nós imeachta measúnachta (leathanach 8–11)


## Cuid 1: Gearrchuntas ar an dámhachtain
Dearadh an Scéim Caipitil Ceoil de chuid Líonra Ceoil chun tacaíocht a sholáthar le go gceannófar uirlisí ceoil agus ábhar bainteach eile le haghaidh ceolchoirmeacha nó léiriúcháin de cheol beo.

**Tá Dámhachtain 1 dírithe ar ghrúpaí taibhithe neamhghairmiúla.** Is í an aidhm taobh thiar den scéim ná tacú leis na grúpaí seo:

- ✓ Uirlisí ceoil a cheannach
- ✓ Uirlisí ceoil a chothabháil nó a dheisiú
- ✓ Míreanna nó trealamh faoi leith a cheannach, ar nós cásanna d'uirlisí, oiriúintí agus trealamh leictreonach don taibhiú beo (tuilleadh samplaí ar leathanach 3-4).

### Cad é atá i gceist le grúpa taibhithe neamhghairmiúil?
Go ginearálta, is eagraíochtaí iad grúpaí taibhithe neamhghairmiúla a bhfuil baint acu le léiriúcháin cheoil ar bhealach neamh-ghairmiúil. D'fhéadfadh stíl cheoil ar bith a bheith i gceist.

Is féidir le hionaid agus le heagraíochtaí pobail, óige nó acmhainní, a dhéanann maoirseacht ar cheolchoirmeacha neamhghairmiúla, cur isteach ar an Dámhachtain freisin.

Ní mór d'eagraíochtaí a chuireann isteach air a bheith lonnaithe i bPoblacht na hÉireann.

## Cuid 2: Gearrchuntas ar mhaoiniú

**Maoiniú foriomlán**

Is é méid an mhaoinithe atá ar fáil don Scéim Caipitil Ceoil 2025 Dámhachtain 1 ná €450,000.

**Cé mhéad ar féidir liom cur isteach air**

Is féidir le d'eagraíocht iarratas a dhéanamh ar mhéid atá faoi bhun €50,000.

Ní mór go gcosnóidh na hearraí ar mian leat iad a cheannach níos lú ná €50,000.

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar suas le 75% de chostas iomlán na n-earraí molta.

Ní mór do d'eagraíocht an 25% eile a mhaoiniú. San fhoirm iarratais, beidh ort a léiriú conas atá sé i gceist ag d'eagraíocht é seo a mhaoiniú.

Má tá costais ag baint le seachadadh na n-earraí (ar nós táillí seachadta, táillí bainc, táillí iompórtála), ní féidir an dámhachtain a úsáid chun iad a íoc. Ciallaíonn sé seo go mbeidh ar d'eagraíocht na costais seo a íoc.

## Cuid 3: Cé ar féidir leo iarratas a dhéanamh – agus nach féidir leo

**Cé atá i dteideal iarratas a dhéanamh?**

✓ **Eagraíochtaí neamhghairmiúla áirithe**

Is féidir le heagraíochtaí neamhghairmiúla a dhéanann ceol i stíl ar bith iarratas a dhéanamh má fheidhmíonn siad ar bhonn seachbhrabúsach. Seo a leanas roinnt samplaí:

- grúpaí amaitéaracha nó grúpaí óige
- Grúpaí ceoil phobail
- cóir
- cumainn cheoil, agus
- grúpaí eile.

✓ **Bunscoileanna/iar-bhunscoileanna**

Is féidir le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna cur isteach ar mhaoiniú mura mbaineann na hearraí atá molta le príomhghníomhaíochtaí curaclaim.

✓ **Eagraíochtaí eile seachbhrabúsacha**

Is féidir le heagraíochtaí a dhéanann maoirseacht ar chláir sheanbhunaithe de léiriúcháin cheoil neamhghairmiúla, iarratas a chur isteach. Seo a leanas roinnt samplaí:

- Eagraíochtaí acmhainní
- Eagraíochtaí pobail
- grúpaí óige
- ionaid
- eile.

Tá Líonra Ceoil tiomanta don chothromas agus don ionchuimsiú, agus spreagtar do ghrúpaí ó chúlraí agus ó phobail éagsúla iarratas a dhéanamh.

**Cé nach féidir leo iarratas a dhéanamh?**

× Comhpháirtíochtaí Ceoloideachais Áitiúla arna maoiniú go díreach ag Giniúint Ceoil.
× É sin ráite, cuirtear fáilte roimh iarratais ó sholáthróirí áitiúla ceoloideachais beag beann ar aon nasc a d'fhéadfadh a bheith acu le Cláir de chuid Ghiniúint Ceoil.
× Comhlachtaí brabúis
× Daoine aonair
× Eagraíochtaí lonnaithe taobh amuigh de Phoblacht na hÉireann

× Dámhachtaithe roimhe seo den Scéim Caipitil Ceoil nár chloí le coinníollacha na dámhachtana ar bronnadh orthu.

## Cuid 4: Cad is féidir leat cur isteach air - agus cad nach féidir leat cur isteach air

Is féidir le d'eagraíocht iarratas a dhéanamh ar earraí nach mór a úsáid don chleachtadh, don teagasc AGUS do léiriúcháin bheo a dhéanann do ghrúpa neamhghairmiúil. Thíosluaite feicfidh tú samplaí d'earraí atá clúdaithe agus nach bhfuil clúdaithe ag an dámhachtain. Ní áirítear gach féidearthacht leis na samplaí thíos. Déan teagmháil le Líonra Ceoil má tá ceist agat maidir leis seo.

**Earraí atá clúdaithe**

✓ Uirlisí nua nó ar athlámh
✓ Deisiúchán aon uaire ar uirlis nó costais chothabhála
✓ Oiriúintí uirlise (mar shampla: boghanna, téada, roisín, taca gualainne, druma chinn, bataí, scuabanna, maothadóirí, strapaí, feagacha, béalóga)
✓ Cásanna uirlise
✓ Seastáin uirlise
✓ Trealamh leictreonach taibhithe (mar shampla: éifeachtaí, troitheáin, cáblaí, aimplitheoirí uirlise, córas fógartha poiblí agus micreafóin, MDI, trealamh do DJ)

✓ Stólanna speisialaithe (nuair is gá)

**Earraí nach bhfuil clúdaithe**

× Céimeanna do chóir
× Trealamh soilsithe
× Ríomhairí/ríomhairí glúine
× Méadranóim
× Tiúnóirí
× Seastáin cheoil
× Ceol bileoige
× Éide
× Trealamh taifeadta/bogearraí

## Cuid 5: Conas iarratas a dhéanamh (4 chéim)

Ní mór d'iarratasóirí foirm iarratais a chomhlánú ar líne lena n-áirítear Ábhar Tacaíochta a uaslódáil (tuilleadh sonraí thíos).

### Céim 1: Ullmhaigh próifíl de d'eagraíocht ar líne

Féach www.musicnetwork.ie agus ullmhaigh próifíl d'eagraíochta ar an tairseach iarratais ar líne.

Nuair a bheidh sé seo déanta agat, is féidir leat tús a chur leis an iarratas i gcéimeanna le linn na tréimhse iarratais. Déantar dréachtanna a shábháil go huathoibríoch, ach déan do dhréacht is déanaí a sheiceáil sula bhfágann tú an tairseach.

### Céim 2: Léigh an fhoirm iarratais

Tá sé mhír san fhoirm iarratais. Iarrann an fhoirm ort sonraí a scríobh faoi d'eagraíocht maidir le:

- rialachas – an chaoi a dhéantar í a bhainistiú
- stair
- pleananna don todhchaí.

Cuirtear ceist freisin faoin rud/na rudaí ar mian le d'eagraíocht a cheannach:

- costas an ruda agus aon chostas eile a ghabhann leis
- síntiús maoinithe na heagraíochta i leith an chostais (25% den phraghas iomlán)
- an fáth go bhfuil siad ag teastáil ón eagraíocht.

Iarrann sé ort freisin Ábhar Tacaíóchta a sholáthar (féach Céim 3).

**Céim 3: Bailigh an tÁbhar Tacaíochta a luaitear san fhoirm**

Iarrtar ort san fhoirm iarratais 4 chineál Ábhar Tacaíochta a uaslódáil (féach na 4 phointe thíos). Tá an t-ábhar seo ag teastáil ón bpainéal measúnaithe chun cabhrú leo measúnú a dhéanamh ar d'iarratas. Mura uaslódáiltear an tÁbhar Tacaíochta go léir, ní féidir d'iarratas a mheasúnú ina iomláine.

Glacann ár gcóras ar líne leis an gcuid is mó d'fhormáidí comhaid, comhaid MS Word, Excel, JPEG, PDF agus MP3 san áireamh.

1. **Liosta uirlisí agus trealamh ceoil atá faoi úinéireacht ag an eagraíocht**
   Má tá uirlisí agus trealamh ag d'eagraíocht faoi láthair, ní mór duit liosta díobh a uaslódáil agus na nithe thíos a lua:
   - méid – cé mhéad de gach ceann atá agaibh
   - déanamh agus eiseamláir
   - an bhfuil siad i gcóir mhaith nó nach bhfuil
   - cá fhad a mhairfidh siad – cad í an tréimhse is dóigh leat go mbeidh sibh ábalta úsáid as bhaint as gach ceann díobh.

2. **Beatháisnéisí gearra den fhoireann ealaíontóra**
   Ní mór duit doiciméad a uaslódáil ina bhfuil alt gearr faoi gach príomhbhall de d'fhoireann ealaíontóra (100 focal don duine). Déan cur síos ar an taithí ceoil ábhartha atá ag na príomh daoine a bhfuil baint acu le teagasc nó le gníomhaíochtaí ealaíontóra laistigh den eagraíocht.

   Is féidir na daoine seo a lua, mar shampla:
   - Stiúrthóir ealaíontóra
   - Stiúrthóir ceoil agus/nó stiúrthóir cúnta
   - Teagascóirí
   - Ceoltóirí ar cuairt a chuir teagasc nó ceardlanna ar fáil
   - Daoine eile.

3. **Taifeadadh fuaime nó fístaifeadadh – agus doiciméad gearr**
   Ní mór duit dhá thaifeadadh a chur isteach ina bhfuil codarsnacht le cloisteáil sa cheol agus a léiríonn an obair a dhéanann d'eagraíocht.

   Ní mór duit freisin doiciméad gearr a uaslódáil ina liostáiltear na sonraí a leanas do gach taifeadadh:
   - Cé atá ag seinm
   - Cén áit ar chóir don phainéal measúnachta tús a chur leis an éisteacht agus cén áit ar chóir dóibh stopadh (mar shampla, má chuireann tú taifeadadh fuaime nó

fístaifeadadh de cheolchoirm iomlán isteach, inis dúinn, le do thoil, cén chuid den cheolchoirm ar chóir dúinn éisteacht léi tríd na hamanna tosaigh agus deiridh a lua)

- Cén áit agus cathain ar rinneadh na taifeadtaí.

Is féidir leat taifeadtaí fuaime a uaslódáil go díreach i bhformáid MP3 go dtí an fhoirm iarratais ar líne.

Is féidir naisc go fístaifeadtaí agus taifeadtaí fuaime i bhformáidí eile, a chur isteach i do dhoiciméad gearr.

Nóta: Mura féidir leis an bpainéal measúnachta teacht ar na naisc, ní bheidh ar a gcumas measúnú iomlán a dhéanamh ar d'iarratas. Déan cinnte de, mar sin, go bhfuil rochtain phoiblí ar na naisc agus ar na comhaid, nó cuir pasfhocal ar fáil, más gá.

4. **Líon na meastachán atá riachtanach ó sholáthróirí éagsúla**
Don dámhachtain seo, ní mór duit meastacháin a lorg ó sholáthróirí difriúla ina dtugann siad praghas duit do gach rud ar mian leat a cheannach chun luach ar airgead a chinntiú. Ní mór duit na meastacháin seo a chur isteach le d'iarratas mar caithfidh an Scéim Caipitil Ceoil cloí leis na Treoirlínte don dSoláthair Phoiblí – treoirlinte a bhaineann le táirgí a cheannach.

Ní mór meastacháin a chur isteach san iarratas do gach rud atá molta agat, mar seo a leanas:

| **Costas iomlán na n-earraí atá molta agat** | **Líon na meastachán atá riachtanach** |
|---|---|
| Níos lú ná €5,000 | 2 meastachán do gach rud ó 2 soláthróir éagsúil |
| Idir €5,000 agus €50,000 | 3 meastachán do gach rud ó 3 soláthróir éagsúil |

Ní mór na sonraí a leanas a thaispeáint go soiléir i ngach meastachán:

- Ainm an tsoláthróra
- Sonraíocht na huirlis nó an ruda atá le ceannach
- Costas.

Is féidir na meastacháin a uaslódáil sna formáidí a leanas:

✓ gabháil scáileáin ó shuíomh gréasáin an tsoláthróra
nó
✓ ríomhphost nó litir ón soláthróir.

× **Ní ghlactar le naisc chuig suíomhanna gréasáin soláthróirí** mar d'fhéadfadh athrú teacht orthu nó d'fhéadfadh siad a bheith neamhghníomhach.

**Céim 4: Cuir d'iarratas isteach**
Ní mór an t-iarratas comhlánaithe a chur isteach tríd an tairseach ar líne roimh **2pm**, **Déardaoin 27 Samhain 2025.**

Má chuireann tú d'iarratas isteach roimh an spriocdháta, gheobhaidh tú uath-ríomhphost ina ndeirtear leat gur éirigh leat an t-iarratas a chur isteach.

Nóta: Seans go rachaidh an t-uath-ríomhphost seo go dtí do chomad turscair. **Mura bhfaigheann tú an ríomhphost seo, ciallaíonn sé nár cuireadh an t-iarratas isteach i gceart.** Sa chás seo, is ortsa atá an fhreagracht dul i dteagmháil le Líonra Ceoil. Ba chóir duit am a fhágáil chun d'iarratas a chur isteach arís (más gá) roimh an spriocdháta.

**Ní ghlacfar le d'iarratas sna cásanna a leanas:**

- Tagann sé isteach chugainn déanach, i ndiaidh an spriocdháta: **2pm, Déardaoin 27 Samhain 2025**
- Níl an **tÁbhar Tacaíochta** go léir istigh ann (leathanach 5–6)
- Ní chloíonn sé le coinníollacha na dámhachtana (leathanach 9–10)
- Baineann sé le rudaí ar ceannaíodh cheana féin nó le deisiúcháin ar rinneadh sular rinneadh an cinneadh iad a mhaoiniú
- Níor comhlánaíodh an t-iarratas go hiomlán. Cuir isteach 'N/A' in aon chuid den iarratas nach mbaineann leatsa, más gá.

**Leideanna chun cabhrú leat le d'iarratas**

- Léigh na Treoirlínte agus an fhoirm iarratais do Dhámhachtain 1 go cúramach agus an t-iarratas á ullmhú agat.
- Faigh rochtain ar na Tacaíochtaí a chuireann Líonra Ceoil ar fáil d'Iarratasóirí ag www.musicnetwork.ie
- Roinn an t-iarratas le beirt, ar a laghad, ó d'eagraíocht, agus é á ullmhú agat.
- Leag síos na huirlisí nó an trealamh atá ag teastáil ó d'eagraíocht agus déan taighde ar na roghanna ceannaigh a oireann do d'eagraíocht. Ní haon bhuntáiste í, méid níos lú nó níos mó a iarraidh. An rud is tábhachtaí ná go dtiocfaidh d'iarratas le riachtanais na heagraíochta agus gur féidir leat é seo a léiriú go soiléir i d'iarratas.
- Bíodh smaoineamh soiléir agus réalaíoch agat maidir leis na costais atá i do thogra, agus leag síos go soiléir na foinsí ioncaim a bheidh ag an eagraíocht chun a cuid féin a íoc (25% den chostas iomlán).
- Bí cinnte go bhfuil d'iarratas soiléir agus gonta; ná déan talamh slán de go bhfuil aithne ag na measúnóirí ar d'eagraíocht.

- Cuimhnigh ar na critéir roghnúcháin (leathanach 8) agus an t-iarratas á scríobh agat agus an tÁbhar Tacaíochta á roghnú agat. Ba chóir go mbeidh an tÁbhar Tacaíochta ag baint le rudaí a tharla le déanaí, go ndéanfaidh sé ionadaíocht mhaith ar son na hoibre a dhéanann d'eagraíocht, agus bíodh baint soiléir aige leis na rudaí ar mian le d'eagraíocht a cheannach.
- Ullmhaigh d'iarratas agus fág dóthain ama chun é a chur isteach roimh an spriocdháta.

## Cuid 6: Nós Imeachta Measúnaithe (3 chéim)

**Céim 1:** Déanfaidh comhairleoir neamhspleách measúnú ar gach iarratas incháilithe bunaithe ar na critéir roghnúcháin ar leathanach 8.

Ag brath ar líon na n-iarratas, cuirfidh siad gearrliosta le chéile.

**Céim 2:** Ansin déanfaidh an painéal cinneadh maidir le conas maoiniú a leithdháileadh idir na hiarrastasóirí ar éirigh leo. Sa phainéal, áirítear ionadaithe ó Líonra Ceoil agus cleachtóirí ábhartha ó chúlraí ceoil éagsúla. An cinneadh a dhéanfaidh an painéal, sin é an cinneadh deiridh.

D'fhéadfadh an painéal cinneadh a dhéanamh gan méid iomlán na dámhachtana a bhronnadh mura bhfaightear dóthain iarratas atá ar ardchaighdeáin.

Cé gur mian leis an bpainéal tacú le hiarratasóirí a chomhlíonann na critéir, tá an maoiniú teoranta agus tá an próiseas an-iomaíoch. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil aon chinnteacht ann go bhfaighidh tú maoiniú cé go bhfuil na critéir comhlíonta agat.

Tabhair do d'aire – ní cheadaítear stocaireacht – iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar an gcinneadh taobh amuigh den phróiseas iarratais oifigiúil.

### Critéir roghnúcháin & tosaíochtaí

Déanfar d'iarratas a mheasúnú bunaithe ar chúig chritéir atá ualaithe go cothrom – féach an tábla thíos. Bí ag smaoineamh ar na critéir seo agus d'iarratas á ullmhú agat.

| | Critéir | Ualú |
|---|---|---|
| 1 | **Dea-theist d'eagraíochta**: cad í an fhorbairt atá déanta ag an eagraíocht ón tús, lena n-áirítear na príomhrudaí a baineadh amach agus gníomhaíochtaí go dtí seo. | 20% |

| | | |
|---|---|---|
| 2 | **Polasaí ealaíontóra agus pleananna na heagraíochta:** spriocanna ealaíontóra, gníomhaíochtaí pleanáilte agus pleananna don todhchaí atá ag an eagraíocht. | 20% |
| 3 | **Cén fáth an bhfuil na hearraí moltaí ag teastáil agus cén fáth an bhfuil siad oiriúnach:** cén fáth an bhfuil gá leis na hearraí do ghníomhaíochtaí na heagraíochta, agus an fáth go mbeidh siad oiriúnach. | 20% |
| 4 | **Pleananna chun na hearraí a úsáid:** conas a úsáidfear iad, a thabhfar aire dóibh, agus sonraí maidir leis an teagasc nó an tacaíocht a bheidh ar fáil do na húsáideoirí. | 20% |
| 5 | **Buntáiste don phobal:** líon agus cineál na léiriúchán poiblí a chuireann d'eagraíocht ar siúl. | 20% |

Tosaíochtaí do Dhámhachtain 1 2025:

- Tabharfar tús áite d'eagraíochtaí ina bhfuil **rannpháirtithe os cionn 65** ag glacadh páirte sna gníomhaíochtaí ceoil.

- Tabharfar tús áite d'eagraíochtaí ina bhfuil **rannpháirtithe faoi mhíchumas.** Féach suíomh gréasáin an Údaráis Náisiúnta Míchumais chun tuilleadh eolais a fháil: www.nda.ie.

**Céim 3: Torthaí**

Seolfar ríomhphost chuig gach iarratasóir in Eanáir 2026.

Is féidir le hiarratasóirí nár éirigh leo, aiseolas a lorg ó Líonra Ceoil laistigh de dhá mhí ón dáta ar fuair siad na torthaí, agus is féidir leo iarratas eile a dhéanamh sna blianta ina dhiaidh sin.

**Iarratais ar éirigh leo**

Má éiríonn leis an iarratas a rinne d'eagraíocht, iarrfar ort:

- Foirm íostarraingthe a chomhlánú
- Dearbhú a shíniú (2 sínitheoir in aghaidh na heagraíochta) ina chomhaontaítear le coinníollacha na dámhachtana
- Fianaise maidir le himréiteach cánach a sholáthar más os cionn €10,000 atá do dhámhachtain

Foilseofar ainmneacha na n-iarratasóirí ar éirigh leo ar líne agus sna meáin.

**Achoimre ar choinníollacha na dámhachtana**

Seo thíos achoimre ar phríomhchoinníollacha na dámhachtana. Tá na coinníollacha go léir le fáil anseo ar shuíomh gréasáin Líonra Ceoil.

**Tábhachtach:**
Ní mór do d'eagraíocht na rudaí a leanas a dhéanamh:

- Aontú go gcomhlíonfar na coinníollacha go léir a bhaineann leis an dámhachtain agus
- Foirm Dhearbhaithe a shíniú (2 sínitheoir in aghaidh na heagraíochta) ina dhearbhaítear go gcomhlíonfar na coinníollacha go léir má bhronntar an dámhachtain.

- Ní mór do d'eagraíocht a bheith lonnaithe, agus úsáid rialta a bhaint as na hearraí, i bPoblacht na hÉireann.

- Ní mór go mbeidh earraí a cheannaítear i seilbh eagraíochta a bunaíodh go dlíthiúil agus a fheidhmíonn mar eagraíocht seachbhrabúsach, eagraíocht dheonach nó comhlacht carthanachta.

- Ní mór go mbeidh a cuntas bain féin ag an eagraíocht. Ní cuntas pearsanta é seo.

- Eagraíochtaí a sheachadaíonn cláir do pháistí agus/nó do dhaoine fásta leochaileacha, ní mór go mbeidh polasaithe cosanta agus folláine atá leordhóthanach i bhfeidhm acu.

- Caithfidh polasaí soiléir a bheith i bhfeidhm ag eagraíochtaí chun na hearraí a úsáid, a choinneáil agus a chothabháil, agus cinnte a dhéanamh de go bhfaigheann úsáideoirí oiliúint agus tacaíocht leanúnach. Is féidir le heagraíochtaí na hearraí a sholáthar saor in aisce nó ar cíos ainmniúil (chun tacú le cúram agus cothabháil). Níl sé i gceist go nginfidh na hearraí a thagann ón Scéim Caipitil Ceoil aon bhrabús d'eagraíochtaí.

- Caithfidh an eagraíocht cead a fháil roimh ré ó Líonra Ceoil má tá sé i gceist acu earraí eile a cheannach seachas na cinn a luadh go sonrach sa dámhachtain.

- Ní mór d'eagraíochtaí cóipeanna d'admhálacha a sholáthar do Líonra Ceoil maidir le hearraí a ceannaíodh, laistigh de dhá mhí ón dáta ar a mbronntar an dámhachtain.

- Ní mór d'eagraíochtaí tuarascálacha bliantúla a sholáthar maidir leis an úsáid a bhaintear as earraí maoinithe ar feadh trí bliana ón dáta ar a bhfaightear na hearraí. Cuirfidh Líonra Ceoil teimpléad ar fáil do na tuarascálacha seo. Féach sampla anseo Dámhachtain 1 Foirm Tuarascáil Bhliantúil

- Má sháraíonn eagraíocht na coinníollacha, ní mór don eagraíocht an dámhachtain a aisíoc le Líonra Ceoil. Cuirfear an méid seo leis an gciste atá ag an Scéim Caipitil Ceoil le haghaidh blianta ina dhiaidh sin. Ní cheadófar don eagraíocht iarratas a dhéanamh arís ar dhámhachtain ón Scéim Caipitil Ceoil.

- Ní mór d'eagraíochtaí a n-éiríonn leo dámhachtain a fháil, an tacaíocht a fuarthas ó Líonra Ceoil agus ón Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, a aithint in aon ábhar poiblí (mar shampla: suíomhanna gréasáin, cláir foilsithe agus póstaeir, beatháisnéisí) ón dáta ar a mbronntar an dámhachtain, ar feadh trí bliana ar a laghad. Soláthróidh Líonra Ceoil ábhar aitheantais ar nós lógónna agus téacs.